2027L007C2IS

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
# Coimre Shamplach

# Sean-Ghréigis

## Staidéar Taighde – Téacs i gComhthéacs

## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

## 200 marc

## 1. Eolas d'iarrthóirí, do mhúinteoirí agus d'údarás na scoile

Gabhann dhá chomhpháirt leis an measúnú ar an tSean-Ghréigis san Ardteistiméireacht:

1. scrúdú scríofa deiridh
2. Staidéar Taighde – Téacs i gComhthéacs

Is fiú 200 marc an Staidéar Taighde, is é sin 40% de na marcanna iomlána don tSean-Ghréigis san Ardteistiméireacht. Is as an scrúdú scríofa deiridh a bhronntar na 300 marc (60%) eile.

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh go hiomlán de réir na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha atá leagtha amach sa choimre oibre cúrsa seo agus i Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Ní foláir an obair chúrsa a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an mhúinteora ranga agus cuirfear faoi bhráid CSS ansin í (féach **Cuid 3**).

**An próiseas fíordheimhniúcháin**

Tá an próiseas fíordheimhniúcháin curtha i bhfeidhm ag CSS chun **sláine an phróisis scrúdaithe** agus **cothroime agus cothromas idir iarrthóirí** a chinntiú. Tá freagracht ar an iarrthóir, ar an múinteoir ranga agus ar údarás na scoile a chinntiú gurb iad na hiarrthóirí a ullmhóidh an obair chúrsa go leanúnach agus gurb í obair fhíordheimhneach na n-iarrthóirí sin a chuirfear faoi bhráid CSS ar deireadh. Tá eolas cuimsitheach i Rialacha agus Nósanna Imeachta CSS faoin bpróiseas fíordheimhniúcháin agus ní foláir an t-eolas sin a léamh agus déanamh dá réir. Is éard atá sa choimre seo ná an t-eolas agus na riachtanais a bhaineann go sonrach leis an ábhar chun an Staidéar Taighde a dhéanamh don tSean-Ghréigis san Ardteistiméireacht.


Táthar ag súil leis go ndéanfaidh na hiarrthóirí taighde agus imscrúdú mar chuid den obair chúrsa. Ionas go ndéanfaidh na hiarrthóirí go hiomlán de réir Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS, ní foláir dóibh tagairt a dhéanamh agus aitheantas a thabhairt dá bhfoinsí taighde, aon úsáid a bhaintear as intleacht shaorga ina measc, mar a leagtar amach in **Aguisíní 1 agus 2** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Measfar gur bradaíl aon ábhar nárbh é/í an t-iarrthóir a rinne é agus nach ndearnadh tagairt mar is ceart dó. Meastar gur falcaireacht é sin. Is sárú é sin ar rialacháin agus déanfaidh CSS imscrúdú air – féach **Cuid 15** de Rialacha agus Nósanna Imeachta Oibre Cúrsa CSS. Is faoin iarrthóir, faoin múinteoir ranga agus faoi údarás na scoile a chinntiú gurb í obair fhíordheimhneach na n-iarrthóirí a chuirfear faoi bhráid CSS.

## 2. An tuairisc dhigiteach a chruthú

Is ortsa mar iarrthóir atá an fhreagracht do dhoiciméad digiteach a chruthú agus a bhainistiú chun an tuairisc a dhéanamh. Cuireann CSS leathanach cumhdaigh ar fáil i bhformáid Microsoft Word (.docx) agus is féidir é sin a íoslódáil ó: [Eolas faoi Scrúduithe - Coimisiún na Scrúduithe Stáit]

Ní foláir duit an leathanach cumhdaigh a líonadh leis an eolas ábhartha go léir agus é a chur isteach mar an chéad leathanach de do dhoiciméad. Ní sholáthraíonn CSS aon leabhrán cur isteach ná aon teimpléad le haghaidh na tuairisce; mar sin, is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil struchtúr agus formáid do thuairisce de réir na dtreoracha sa choimre seo (féach **Codanna 2**, **3 agus 6**).

Ní foláir an leagan deiridh den doiciméad a thiontú go PDF sula gcuirfear faoi bhráid CSS é. Féadfaidh tú aon bhogearra próiseála focal oiriúnach a úsáid chun do thuairisc a dhéanamh, ar choinníoll gur féidir leis an doiciméad a thiontú go PDF agus é críochnaithe. Moltar go mór duit cóip chúltaca a dhéanamh de do thuairisc dhigiteach agus í a uasdátú go rialta ionas gur féidir leat í a úsáid má chailltear nó má thruaillítear an bhunchóip.




**Rialacha formáidithe na tuairisce**
Ní foláir duit cloí leis na rialacha formáidithe seo a leanas sa tuairisc a dhéanfaidh tú:

| | |
|---|---|
| Ceannteidil na gcodanna | Gach cuid a ainmniú agus a chur ar leathanach nua sa tuairisc. Féach **Cuid 6** le haghaidh ainmneacha cheannteidil na gcodanna. Ba chóir an cló seo a leanas a úsáid sa cheannteideal: Arial, dubh, méid 14 agus trom. |
| Téacs an phríomhchoirp | Arial, dubh, méid 12 agus spásáil 1.5 idir na línte. |
| Gnéithe eagarthóireachta téacs atá ceadaithe | Trom, iodálach, líne a chur faoi, uimhriú, agus urchair. |
| Gnéithe eagarthóireachta téacs **nach bhfuil** ceadaithe | Téacs daite (téacs dubh amháin), téacs aibhsithe, clónna éagsúla (Arial amháin). |
| Treoshuíomh na leathanach | Portráid amháin. |
| Uimhriú na leathanach | Bun gach leathanaigh sa lár. |
| Imill na leathanach | Imeall ar chlé 20 mm<br>Imeall ar dheis 20 mm<br>Imeall ar an mbarr 20 mm<br>Imeall ar an mbun 20 mm |
| Íomhánna, táblaí, graif | Féach **Cuid 6.** |

Tá líon focal leagtha síos don tuairisc agus ní foláir cloí leis sin. Féadfaidh sé go gcaillfidh tú marcanna má chuireann tú isteach ábhar a bhfuil níos mó ná an líon focal ceadaithe air.

## 3. An tuairisc oibre cúrsa a chur isteach

Nuair a bheidh do thuairisc déanta agat ar an dáta deiridh nó roimhe, ní foláir duit déanamh de réir na gcéimeanna seo a leanas:

1. Tiontaigh do thuairisc ina PDF. Is féidir é sin a dhéanamh ar fhormhór na mbogearraí próiseála focal.

2. Priontáil an leagan PDF de do thuairisc agus léigh mar phrofa é chun a chinntiú go bhfuil do chuid oibre go léir le feiceáil. Aon obair nach mbeidh le feiceáil ar an gcóip phriontáilte sin, ní bheidh sí le feiceáil ag scrúdaitheoirí agus iad ag marcáil na hoibre go digiteach agus ní féidir aon mharcanna a bhronnadh uirthi mar sin.

3. Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil an chóip PDF den tuairisc atá priontáilte agat críochnaithe, ba chóir duit an leagan digiteach den tuairisc a chur faoi bhráid do mhúinteora ranga. Gach bliain, eisíonn CSS ciorclán maidir le Tairseach na Scoileanna, ciorclán ina leagtar amach an chaoi ar chóir duit do chomhad PDF a ainmniú i gceart, agus féadfaidh tú dul i gcomhairle le do mhúinteoir ranga faoin gcaoi ar féidir é sin a dhéanamh.

4. Ba chóir d'údarás na scoile leagan priontáilte de do thuairisc dheiridh agus cóip dhigiteach den tuairisc a choinneáil go sábháilte go dtí deireadh an phróisis achomhairc.

5. Ní foláir duit an próiseas fíordheimhniúcháin a chur i gcrích chun a dheimhniú gurb í do chuid oibre fíordheimhní féin atá sa tuairisc oibre cúrsa atá á cur isteach agus, chuige sin, Foirm Fíordheimhniúcháin CSS, P.2, a shíniú. Cuirfidh do mhúinteoir ranga an fhoirm sin ar fáil duit. Síneoidh do mhúinteoir ranga agus príomhoide na scoile an fhoirm sin freisin chun a dheimhniú go ndearna tú de réir an phróisis fíordheimhniúcháin.

6. Cuirfidh údarás na scoile do chuid oibre cúrsa faoi bhráid CSS trí Thairseach na Scoileanna. Gach bliain, eiseoidh CSS ciorclán ina mbeidh eolas sonrach faoi na hábhair a gcuirtear an obair chúrsa lena n-aghaidh isteach go digiteach trí Thairseach na Scoileanna.

**Achoimre ar na céimeanna chun do thuairisc oibre cúrsa a dhéanamh agus a chur isteach**

1. Tiontaigh an tuairisc dheiridh ina PDF

2. Priontáil an PDF den tuairisc oibre cúrsa dheiridh agus léigh mar phrofa é

3. Cuir an leagan deiridh digiteach den tuairisc oibre cúrsa faoi bhráid an mhúinteora ranga

4. Coinneoidh údarás na scoile cóip dhigiteach agus cóip phriontáilte den tuairisc oibre cúrsa

5. Cuir an próiseas fíordheimhniúcháin i gcrích

6. Cuirfidh údarás na scoile an tuairisc faoi bhráid CSS

## 4. An Staidéar Taighde a chur i gcrích

Sa chomhpháirt mheasúnaithe seo, Staidéar Taighde – Téacs i gComhthéacs, féachtar le díocas fiosrúcháin a fhorbairt maidir leis an tábhacht agus an comhthéacs foriomlán a bhaineann leis an teanga agus leis an litríocht a thagann chun cinn sa seomra ranga. Sa staidéar taighde, ní mór duit imscrúdú, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar thopaic theangalárnach de do rogha féin atá fréamhaithe sa tsonraíocht.

Eispéireas foghlama féinstiúrtha sa ghrinnléitheoireacht is ea an Staidéar Taighde. Ba chóir go mbeadh na sé chéim a luaitear thíos i gceist leis agus ceaptar go dtógfaidh sé suas le 20 uair an chloig lena chur i gcrích. Bíodh is go bhfuil na céimeanna sin leagtha amach go líneach, tá solúbthacht sa phróiseas ionas gur féidir leat dul siar chuig céimeanna nuair is gá, rud a fhágann gur próiseas solúbtha, comhtháite atá ann.

Céim 1: Tús a chur leis an gcoimre agus réimse a aithint le haghaidh do thopaice féin
Céim 2: Socrú ar ghné ar leith den topaic agat féin le breis staidéir a dhéanamh uirthi
Céim 3: An topaic agat féin a phleanáil agus taighde a dhéanamh uirthi
Céim 4: Foinsí ábhartha, iontaofa a roghnú
Céim 5: An Tuairisc ar an Staidéar Taighde agat féin a scríobh agus a athbhreithniú
Céim 6: Machnamh

Sa Tuairisc ar an Staidéar Taighde agat féin, cuireann tú torthaí taighde i láthair chun léiriú a thabhairt ar a mhéid a d’éirigh leat na nithe seo a dhéanamh:

- eolas agus tuiscint ar do thopaic a fhorbairt
- eolas ó fhoinsí faoi do thopaic a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil agus taighde a dhéanamh orthu
- an ról atá ag foinsí agus an úsáid a bhaintear as fianaise a thuiscint chun bhreithiúnas a dhéanamh agus teacht ar chonclúidí
- smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach a léiriú
- feidhm a bhaint as anailís theangabhunaithe i d’argóint
- cloí le cur chuige agus struchtúr comhleanúnach i dtaca le torthaí do thaighde a chur i láthair
- an tábhacht agus an comhthéacs foriomlán a bhaineann leis an topaic a roghnaigh tú a thuiscint.

Ní mór go mbeadh an Staidéar Taighde a dhéanfaidh tú bunaithe ar thopaic ar leith a roghnaíodh bunaithe ar an gcreat a thugtar i **gCuid 5** thíos.

Chun iniúchadh a dhéanamh ar an topaic agat féin i gcomhthéacs níos leithne, roghnóidh tú méid téacs Sean-Ghréigise atá suntasach ach atá indéanta freisin. I measc samplaí de théacsanna dá leithéid, tá sliocht gearr as píosa níos faide próis nó véarsaíochta, rogha dánta, inscríbhinn, graifítí, etc. I measc samplaí de chomhthéacsanna níos leithne, tá na comhthéacsanna seo: an litríocht, an teangeolaíocht, an ealaín, an stair, an cultúr, sóisialta, an pholaitíocht, an fhealsúnacht, an reiligiún, tábhacht don duine féin, etc.

Beag beann ar an téacs nó ar an gcomhthéacs a roghnóidh tú, ba chóir go mbeadh an anailís theangabhunaithe lárnach i bpróiseas an Staidéir Taighde agus sa Tuairisc ar an Staidéar Taighde.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Staidéar Taighde a chur i gcrích, féach CNCM
https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/ancient-greek/

## 5. Staidéar Taighde – Creat Samplach

Cuir isteach Tuairisc ar an Staidéar Taighde atá bunaithe air seo a leanas:

"Cén fáth arb ann do thragóid? Mar go bhfuil tú lán le fearg.
Cén fáth a bhfuil tú lán le fearg? Mar go bhfuil tú lán le brón." [1]

- Anne Carson, Ollamh leis na Clasaicí

Sa bhliain scrúdaithe seo, ba chóir do na hiarrthóirí taighde a dhéanamh ar thopaic theangalárnach a bhaineann le **ceann amháin ar a laghad** de na gnéithe atá luaite sa sliocht thuas.

Sa bhliain scrúdaithe seo, tá sé tábhachtach go dtabharfaidh na hiarrthóirí dá n-aire **nach ceadmhach** taighde ar Phríomhthéacs na bliana seo a áireamh sa Tuairisc ar an Staidéar Taighde. Baineann an t-eisiamh seo leis an bPríomhthéacs ina iomláine, ní hamháin na codanna atá leagtha síos sa tSean-Ghréigis agus san aistriúchán.

---

[1] Carson, A. (2008) *Grief Lessons: Four Plays by Euripides.* Nua-Eabhrac: New York Review of Books.

## 6. An Tuairisc ar an Staidéar Taighde – struchtúr

Maidir le struchtúr na Tuairisce ar an Staidéar Taighde (TST), ba chóir na ceithre chuid thíos a bheith inti, agus líon focal molta le gach ceann. Ba chóir duit na ceithre cheannteideal sin a chur ar na codanna i do TST. Sonraítear thíos ábhar atáthar a mholadh a chur i ngach ceann de na codanna mar aon leis an líon marcanna a ghabhann leo.

**Líon foriomlán focal:**

Ní mór duit a chinntiú nach mbeidh níos mó ná 1,700 focal sa tuairisc ina hiomláine. Caillfidh tú marcanna má bhíonn. Ní áirítear sa líon foriomlán focal eolas ó fhoinsí sna Torthaí Taighde (Cuid B), amhail sleachta as téacs Sean-Ghréigise, sleachta as foinsí a chuirtear i láthair sa téacs féin, ná foinsí a liostaítear sa Leabharliosta (Cuid D).

**Cuid A: Réasúnaíocht agus Cur Chuige** **(100 – 200 focal)**

Cuirtear i láthair an réasúnaíocht a bhaineann leis an topaic a roghnaíodh a roghnú. Ba chóir go mbeadh ceisteanna mar seo a leanas san áireamh sa chuid seo:

- An fáth ar roghnaíodh an topaic sin
- An chaoi a bhfuil baint ag an topaic leis an gcoimre
- An téacs / na téacsanna Sean-Ghréigise agus an comhthéacs / na comhthéacsanna atáthar a iniúchadh a aimsiú
- An cheist / na ceisteanna a bhfuiltear ag súil í/iad a fhreagairt sa TST
- Aidhmeanna an Staidéir Taighde.

**Cuid B: Torthaí Taighde** **(1200 – 1500 focal)**

Cuireann tú torthaí do chuid taighde i láthair sa chuid seo. Ba chóir duit iad a chur i láthair i bhfoirm atá oiriúnach don chineál taighde a rinneadh agus do na conclúidí a rinne tú le linn phróiseas na grinnléitheoireachta. Ba chóir go mbeadh struchtúr soiléir ag baint leis sin an bhformáid sin agus d’fhéadfadh go mbeadh aiste fhada, ailt, fo-cheannteidil, pointí urchair, léaráidí, íomhánna, etc., ann.

Treoir maidir le hábhar le cur sa chuid seo:

- Pointí atá forbartha go soiléir agus atá bunaithe ar eolas agus tuiscint ábhartha
- Anailís dhomhain ar théacs Sean-Ghréigise
- Sleachta as réimse foinsí ardchaighdeáin
- Tuiscint ar an gcomhthéacs níos leithne a bhaineann leis an topaic a roghnaigh tú
- Cás ar son thábhacht na topaice a roghnaigh tú
- Do chuid aidhmeanna a bheith bainte amach agat
- Úire agus cruthaitheacht sa smaointeoireacht chriticiúil
- Conclúid ar an bplé, anailís, argóintí, etc.

**Cuid C: Athbhreithniú agus Machnamh** **(100 – 200 focal)**

Sa chuid seo, tá deis ann machnamh a dhéanamh ar eispéireas an Staidéir Taighde agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas a bhain leis agus d'fhéadfaí, mar chuid di, ceisteanna dá leithéid seo a mheas:

- Measúnú ar láidreachtaí agus laigí an chur chuige a leanadh agus ar an táirge deiridh
- Machnamh ar an bhfoghlaim fhéinstiúrtha
- Tairbhe atá bainte agat féin as an eispéireas mar fhoghlaimeoir teanga
- Ceachtanna a foghlaimíodh agus is féidir a chur i bhfeidhm nuair a bheidh taighde eile á dhéanamh ar na Clasaicí amach anseo.

**Cuid D: Leabharliosta**

Ní chuirfear an chuid seo san áireamh sa líon foriomlán focal.

Sa Leabharliosta, tugtar an t-eolas tagartha iomlán mar gheall ar na foinsí a ceadaíodh agus an TST á scríobh agus taighde á dhéanamh lena aghaidh. Foinsí a luadh i gCuid B agus cinn eile a cheadaigh tú le linn an taighde agus a chuir le torthaí an taighde, ba chóir iad a áireamh sa Leabharliosta. Déanfar caighdeán agus comhleanúnachas na nósanna tagartha sa TST a mheasúnú sa chuid seo.

Ba chóir na foinsí ar fad a liostú sa chuid seo de réir nósmhaireacht tagartha (amhail Harvard, APA, MLA, etc). Samplaí de chineálacha éagsúla foinsí is ea foilseacháin (leabhair, aistriúcháin ar fhoinsí príomha agus irisleabhair ghairmiúla, etc.); foinsí ar líne; íomhánna; podchraoltaí agus cineálacha eile meán; aon ábhar a gineadh le bogearraí nó feidhmchláir intleachta saorga; agus ábhar ó shaineagraíochtaí nó ó phearsana aonair iomchuí. Má bhíonn aon ábhar dá leithéid i do chuid oibre gan an fhoinse a bheith tugtha i gceart, measfar gur bradaíl é sin. Chomh maith leis sin, má dhéantar ábhar ó fhoinsí dá leithéid a chóipeáil nó a atáirgeadh, measfar gur bradaíl é sin freisin.

## 7. An Tuairisc ar an Staidéar Taighde – leithdháileadh na marcanna

Tá 200 marc ag gabháil leis an Tuairisc ar an Staidéar Taighde (TST). Nuair a mharcálfar do chuid oibre, cuirfear critéir mheasúnaithe i bhfeidhm agus déanfar marcanna a leithdháileadh ar na gnéithe éagsúla den TST mar atá leagtha amach thíos:

Is mar seo a leanas atá an t-ualú agus na marcanna á moladh:

| **Leithdháileadh samplach marcanna:** | | | |
|---|---|---|---|
| Cuid A | Réasúnaíocht agus Cur Chuige | 7.5% | 15 mharc |
| Cuid B | Torthaí Taighde | 60% | 120 marc |
| Cuid C | Athbhreithniú agus Machnamh | 7.5% | 15 mharc |
| Cuid D | Leabharliosta | 5% | 10 marc |
| | | | |
| *Comhleanúnachas Foriomlán | Cumarsáid agus Struchtúr | 20% | 40 marc |

*Ní cuid ar leith den TST an Comhleanúnachas Foriomlán. Bronntar marcanna as an gComhleanúnachas Foriomlán ar bhonn cháilíocht an TST ó thaobh eagar a bheith ar an ábhar agus é a bheith curtha in iúl go soiléir agus ag teacht le chéile mar a shonraítear sa choimre bhliantúil don Staidéar Taighde.